

faoi bhun OCHT mBLIANA DÉAG

AOISTEORAINNEACHA

I gcás gnáthphoist, is é 16 bliana an íostearainn aoise ghinearálta. Féadfaidh fostóirí daoine atá 14 agus 15 bliana d'aois a fhostú chun obair éadrom a dhéanamh:

- ar bhonn páirtaimseartha le linn an téarma scoile (os cionn 15 bliana amháin)
- mar chuid de thaithí oibre nó clár oideachais faofa
- le linn laethanta saoire ón scoil, ar an gcoinníoll go mbíonn briseadh trí seachtaine ar a laghad i gceist ón obair i rith an tsamhraidh.

Is féidir páiste ar bith faoi bhun 16 bliana a fhostú i gcúrsaí scannánaíochta, amharclannaíochta, spóirt nó fógraíochta, ach é sin a dhéanamh faoi cheadúnas.

LÍON UASTA UAIREANTA OIBRE SA tSEACHTAIN

Níl cead daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a fhostú le haghaidh níos mó ná 40 uair an chloig sa tseachtain, nó 8 n-uaire an chloig sa ló, ach amháin i gcás fíor-éigeandála.

Is iad seo a leanas an líon uasta uaireanta oibre sa tseachtain le haghaidh daoine 14 agus 15 bliana d'aois:

| Aois | 14 | 15 |
|-------------------------------|---------------------|---------------------|
| I rith an téarma | Neamhní | 8 n-uaire an chloig |
| Obair i rith laethanta saoire | 35 huaire an chloig | 35 huaire an chloig |
| Taithí oibre | 40 uair an chloig | 40 uair an chloig |

OBAIR LUATH AR MAIDIN AGUS OBAIR OÍCHE

Seo iad uaireanta an chloig atá ceadaithe:

| Aois | Faoi bhun 16 | 16 agus 17 mbliana d'aois |
|--|----------------|---|
| Luath ar maidin | i ndiaidh 8 am | i ndiaidh 6 am |
| Obair oíche | | |
| ■ scoil an mhaidin dár gcionn | suas go 8 pm | suas go 10 pm |
| ■ gan aon scoil an mhaidin dár gcionn e.g. laethanta saoire, deirí seachtaine | suas go 8 pm | suas go 11 pm* (gan tosú arís roimh 7am an mhaidin dár gcionn) |

*Tabhair do d'aire: faoi na rialacháin, is gá ceadú an Aire a fháil le haghaidh oibre oíche i ndiaidh 10pm. Is ann do rialacháin shonracha le haghaidh áitribh cheadúnaithe. Déan teagmháil ar na uimhir theileafóin thíos chun breis eolais a fháil.

SOSANNA SCÍTHE

| Aois | Faoi bhun 16 | 16 agus 17 |
|--------------------------|-----------------------------|-------------------------------|
| Sos 30 nóiméad i ndiaidh | 4 huaire an chloig ag obair | 4 ½ huaire an chloig ag obair |
| Gach 24 uair an chloig | 14 huaire an chloig saor | 12 uair an chloig saor |
| Gach 7 lá | 2 lá saor | 2 lá saor |

| Dualgais Fostóirí | Gearáin | Eisceachtaí agus Pionóis |
|---|---|---|
| <p>Ní mór d'fhostóirí: Cóip den teastas breithe a fheiceáil agus, roimh dóibh aon duine faoi bhun 16 bliana a fhostú, cead i scríbhinn a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an duine sin.</p> <p>Clár a choimeád de na sonraí seo a leanas i gcás gach duine faoi bhun 18 mbliana atá fostaithe acu:</p> <ul style="list-style-type: none">■ ainm agus sloinne iomlán■ dáta breithe■ am tosaithe na hoibre gach lá■ am críochnaithe na hoibre gach lá■ ráta pá nó tuarastail íoctha sa ló, sa tseachtain, sa mhí nó sa bhliain, de réir mar is cuí■ méid iomlán an phá nó an tuarastail a íoctar do gach duine. | <p>Is féidir gearáin faoi sháruithe ar an Acht a dhéanamh faoi rún chuig:</p> <p>An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre</p> <p>Tá teacht ar fhoirm ghearáin ar líne ar an suíomh Gréasáin ar mhaithe le gearáin a tharchur chuig Seirbhísí Cigireachta nó chuig Breithneoir.</p> <p>www.workplacerelations.ie</p> <p>Tá cumhacht ag Cigirí an Choimisiúin dul isteach in áiteanna oibre, fostóirí a cheistiú agus taifid a iniúchadh.</p> | <p>Ní bhaineann forálacha iomlána an Achta le:</p> <ul style="list-style-type: none">■ garghaolta a fhostú■ fostaíocht in iascaireacht, i loingseoireacht, nó sna Fórsaí Cosanta. <p>D'fhéadfadh ciontóirí fineáil Aicme B a thabú, chomh maith le fineáil Aicme E maidir le gach lá a leanann an cion ar aghaidh.</p> <p>Tabhair do d'aire: Is breac-chuntas gairid ar an dlí a thugtar ar an bpóstaer seo, agus ní míniú dlíthiúil é.</p> |

Má tá breis eolais ag teastáil, déan teagmháil leis:

WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre,
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach
R93 E920
1890 80 80 90

www.workplacerelations.ie

*Ba cheart do ghlaoteoirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh éagsúlachtaí a bheith idir na rátaí a bhaineann le húsáid uimhreacha 1890 (íosghlao) i measc soláthróirí seirbhíse dífríúla.**